CINNEADH (AE) 2022/1722 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2020,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2020, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí ([1]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([2]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2020, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Ionad i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020 (06003/2022 — C9-0073/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagal 70 de,

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ([4]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), agus go háirithe Airteagal 105 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0095/2022),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir gníomhach Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Ionaid don bhliain airgeadais 2020;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;

([1]) IO C 439, 29.10.2021, lch. 3, Tuarascáil bhliantúil CIE maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2020: https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=59697

([2]) IO C 439, 29.10.2021, lch. 3, Tuarascáil bhliantúil CIE maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2020: https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=59697

([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

([4]) IO L 314, 7.12.1994, lch. 1.

([5]) IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Stiúrthóir gníomhach Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tArdrúnaí
Klaus WELLE